Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An ceart chun comhshaoil fholláin san Aontas Eorpach, go háirithe i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 228/02)

Rapóirtéir: **Ozlem YILDIRIM**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	27.10.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	13.4.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	27.4.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	578
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	162/1/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Rinneadh tír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas den Úcráin an 23 Meitheamh 2022. Nuair a thiocfaidh an Úcráin isteach san Aontas, beidh sí ar an mBallstát is mó nó an dara Ballstát is mó san Aontas ó thaobh críche de. Tá éiceachórais éagsúla ar chríoch ollmhór na hÚcráine; de réir rúnaíocht an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht, cé nach bhfuil san Úcráin ach 6 % de chríoch na hEorpa, is ann atá 35 % de bhithéagsúlacht na hilchríche.

1.2. Áirítear ar an damáiste don chomhshaol de bharr an chogaidh díghrádú éiceachórais, truailliú aeir agus uisce, agus éilliú tailte curaíochta agus féaraigh. De réir tuarascálacha, bhí 200 000 heicteár d'fhoraoisí buailte ag dóiteáin ó thosaigh an cogadh, chuaigh 680 000 tona de bhreoslaí iontaise faoi bharr lasrach, agus tá 180 000 méadar ciúbach ithreach éillithe ag armlón. Is é an cogadh is cúis leis an díghrádú a rinneadh ar limistéir faoi chosaint agus an scriosadh a rinne ar ghléasraí cóireála uisce. Breis agus 100 dóiteán foraoise a bhí mar thoradh ar an gcoimhlint, rud a scaoil 33 mhilliún tona CO_2.

1.3. Is cosúil gurb ionann gníomhaíochtaí na Rúise agus éiceaicíd, de réir an tsainmhínithe a mhol saineolaithe dlí agus a foilsíodh i mí an Mheithimh 2021. D'iarr Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa go ndéanfaí "éiceaicíd", mar atá sainithe ag an bPainéal Neamhspleách Saineolaithe maidir le Sainmhíniú Dlí ar Éiceaicíd, a chódú mar chion coiriúil faoi dhlí an Aontais. Mar thoradh ar aitheantas a thabhairt do choir na héiceaicíde i dTreoir athbhreithnithe an Aontais maidir le Coireacht Chomhshaoil, tiocfaidh forbairt ar an reachtaíocht lasmuigh den Aontas, go háirithe sa Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an Rúis a choinneáil cuntasach go pointe áirithe, agus an dochar comhshaoil agus éiceolaíoch a rinneadh á léiriú.

Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE):

1.4. á thabhairt chun suntais go bhfuil géarghá le cosaint an chomhshaoil a fheabhsú a mhéid a bhaineann le cearta bunúsacha san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin. Tá cúrsaí ina leith sin dulta in olcas mar gheall ar an damáiste don chomhshaol arb é an cogadh san Úcráin ba chúis leis, lena n-áirítear dochar do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach an duine, díghrádú éiceachórais, truailliú aeir agus uisce, agus éilliú tailte curaíochta agus féaraigh. Dá thoradh na nithe sin, cuirtear táirgeadh talmhaíochta i mbaol agus léirítear a leochailí atá slándáil an tsoláthair dhomhanda bia.

1.5. Tá aird á tarraingt ag CESE ar thionchar comhshaoil agus sóisialta ionradh na Rúise, ar a thábhachtaí agus a riachtanaí atá sé tacaíocht a chur ar fáil chun na hiarmhairtí sin a dhoiciméadú, a mhapáil agus a thomhas, cosaint dlí an chomhshaoil a shaothrú, cuntasacht a áirithiú, agus an bealach a réiteach le haghaidh téarnamh iarchogaidh a bheidh glas agus inbhuanaithe, agus chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar riachtanais airgeadais agus cistí á n-ath-leithdháileadh le haghaidh an téarnaimh ghlais.

1.6. Iarrann CESE ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle bearta a dhéanamh chun drochthionchair chogadh neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar an gcomhshaol, agus impleachtaí na dtionchar sin ar chearta an duine, a shainaithint. Ní mór don Choimisiún agus don Chomhairle tacú le hiarrachtaí na sochaí sibhialta chun an damáiste don chomhshaol, lena n-áirítear coireanna comhshaoil, arna dhéanamh ag an Rúis a dhoiciméadú, agus tacú le ról na sochaí sibhialta maidir le hatógáil na hÚcráine a mhúnlú.

1.7. Áitíonn CESE nach mór don Aontas cuidiú le comhshaol na hÚcráine a chosaint agus an damáiste a rinneadh don chomhshaol de dheasca an chogaidh a dheisiú. Tá CESE den tuairim go ndéanfar gach iarracht atógála i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta EIS agus le prionsabal na coinníollachta sóisialta.

1.8. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE nach féidir sláinte an duine a scaradh ó cháilíocht an chomhshaoil. Tá dlúthnasc idir cáilíocht na n-éiceachóras, sláinte na n-ainmhithe agus sláinte na ndaoine agus ní mór don Aontas an ceart chun comhshaoil fholláin a chosaint. Is é díghrádú an chomhshaoil an phríomhchúis leis an drochshláinte. 12 000 bás in aghaidh na bliana a bhíonn mar thoradh ar thruailliú torainn, cuir i gcás. Tá idirnascacht an chomhshaoil agus shláinte an duine ríshoiléir, freisin, i réimse na slándála bia.

1.9. Iarrann CESE ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle modhanna cigireachta bia agus talmhaíochta a neartú agus iad ag dul isteach sa mhargadh aonair, agus aird ar leith á tabhairt ar an truailliú comhshaoil arna spreagadh ag an gcogadh san Úcráin a bhrath chun sláinte shaoránaigh uile na hEorpa agus ár gcomhshaol a ráthú.

1.10. Tá sé á chur i bhfáth ag CESE go bhfuil an ceart chun comhshaoil fholláin ríthábhachtach do dhea-bhail sóisialta agus eacnamaíoch na ndaoine san Eoraip agus ar fud an domhain. Meastar go bhfuil thart ar 40 % de na poist ar fud an domhain ag brath ar aeráid agus éiceachóras sláintiúil. I bhfianaise an chreata dhlíthiúil idirnáisiúnta agus na fírinne loma sin, ní haon ionadh é gur glacadh roinnt mhaith píosaí reachtaíochta de chuid an Aontais chun éifeacht a thabhairt d'oibleagáid an Aontais urraim a áirithiú don cheart chun comhshaoil fholláin.

1.11. Molann CESE do na Ballstáit uile agus d'institiúidí Eorpacha a n-iarrachtaí a threisiú chun feabhas a chur ar éifeachtacht na n-uirlisí dlíthiúla atá ann cheana, ós rud é gur minic a bhíonn easpa éifeachtachta ann sa chleachtas. Léiríonn an iliomad samplaí den dlíthíocht a bhaineann le teipeanna na mBallstát nó an Aontais féin i réimsí amhail aer glan, aeráid, iascaireacht, nó uisce a laghad a áirithíonn na húdaráis phoiblí urraim don cheart sin.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. *An ceart chun comhshaoil fholláin i gcomhthéacs an chogaidh atá curtha ag an Rúis ar an Úcráin agus aontachas na hÚcráine leis an Aontas Eorpach*

2.1.1. An 16 Márta 2022, rinne Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Rúis a dhíbirt, rud a tháinig i bhfeidhm láithreach bonn ([1]). Mar sin, fad is bhí an tAontas i mbun caibidlíochta maidir lena aontachas leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (an Coinbhinsiún), an 16 Meán Fómhair 2022, scoir an Rúis de bheith faoi cheangal aige. Mar gheall air sin, tá laghdú as cuimse tagtha ar chumhdach chosaint chearta an duine ar fud mhór-roinn na hEorpa. Tráth an ionraidh, áfach, bhí an Rúis faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún, agus bhí go dtí an 16 Meán Fómhair 2022, agus in ainneoin gur tharraing an Rúis siar ó institiúidí idirnáisiúnta eile, bhí sí, agus tá sí fós, faoi réir réimse leathan oibleagáidí idirnáisiúnta. Baineann siad sin ní hamháin le cearta an duine ([2]) ach leis an gcomhshaol freisin: le fogha na Rúise faoin Úcráin, thug an Rúis neamhaird ar an gCreat-Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an Athrú Aeráide ([3]) agus an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus ar choinbhinsiúin eile nach iad.

2.1.2. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcosnófar cearta an duine agus an comhshaol sa chuid eile den Eoraip – ní hamháin sna 27 mBallstát den Aontas Eorpach, áit a ndéanfar cosaint chearta an duine a threisiú le haontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún, ach sna 19 mBallstát eile de Chomhairle na hEorpa freisin, lena n-áirítear an Úcráin.

([1]) CM/Del/Dec(2022) 1431/2.3, *Consequences of the aggression of the Russian Federation against Ukraine*.
([2]) Féach, mar shampla, Airteagal 11(2)(b) den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha.
([3]) Féach, mar shampla, Airteagal 3(5), áit a ndeirtear gur cheart do na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile chun córas eacnamaíoch idirnáisiúnta tacúil agus oscailte a chur chun cinn a mbeadh fás agus forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe do na Páirtithe uile mar thoradh air.

2.1.3. Is tábhachtaí fós é sin ós rud é go ndearnadh tír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas den Úcráin an 23 Meitheamh 2022. Nuair a thiocfaidh an Úcráin isteach san Aontas, beidh sí ar an mBallstát is mó nó an dara Ballstát is mó san Aontas ó thaobh críche de ([4]). Tá éiceachórais éagsúla ar chríocha ollmhóra na hÚcráine; de réir rúnaíocht an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht ([5]), cé nach bhfuil san Úcráin ach 6 % de chríoch na hEorpa, is ann atá 35 % de bhithéagsúlacht na hilchríche. Ina theannta sin, cuireadh brú millteanach le bliain anuas ar thalamh talmhaíochta na tíre (ar gné riachtanach den soláthar bia ar fud na cruinne í) agus ar bhonneagar forleathan breoslaí iontaise na tíre (a mbíonn Ballstáit chomharsanachta áirithe ag brath go mór air le haghaidh soláthairtí fuinnimh).

2.1.4. Is cosúil gurb ionann gníomhaíochtaí na Rúise agus éiceaicíd, de réir an tsainmhínithe a mhol saineolaithe dlí agus a foilsíodh i mí an Mheithimh 2021 ([6]). Ó 2001 i leith, tá coir na héiceaicíde curtha san áireamh i gcód coiriúil na hÚcráine ([7]). I gcomhthráth leis an gcinneadh ó Pharlaimint na hEorpa ([8]), d'iarr CESE go ndéanfaí "éiceaicíd", mar atá sainithe ag an bPainéal Neamhspleách Saineolaithe maidir le Sainmhíniú Dlí ar Éiceaicíd, a chódú mar chion coiriúil faoi dhlí an Aontais ([9]). Mar thoradh ar aitheantas a thabhairt do choir na héiceaicíde i dTreoir athbhreithnithe an Aontais maidir le Coireacht Chomhshaoil, tiocfaidh forbairt ar an reachtaíocht lasmuigh den Aontas, go háirithe sa Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, rud a d'fhéadfadh cabhrú leis an Rúis a choinneáil cuntasach go pointe áirithe, agus an dochar comhshaoil agus éiceolaíoch a rinneadh á léiriú.

2.1.5. An 19 Eanáir 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa rún inar iarradh go mbunófaí binse maidir le coir an fhogha faoin Úcráin, agus tacaíocht tugtha dó ó CESE ina sheisiún iomlánach i mí Feabhra ([10]). Déantar tagairt faoi dhó i dtéacs an rúin do chúrsaí comhshaoil. Ar an gcéad dul síos, aithnítear ann an nasc idir cogadh agus damáiste fadtéarmach don chomhshaol nádúrtha agus don aeráid. Ar an dara dul síos, iarrtar ann go mbunófar clár idirnáisiúnta ina ndéanfar taifead ar dhamáiste forleathan agus tromchúiseach don chomhshaol nádúrtha agus don aeráid, i measc nithe eile, chun cabhrú le cúiteamh a chinneadh amach anseo as an damáiste a dhéanfar. Sa chomhthéacs sin, tá sé riachtanach go leagfar béim ar a thromchúisí atá damáiste don chomhshaol mar arm cogaidh agus go n-ionchúiseofar lucht déanta na gcoireanna sin.

2.1.6. Áirítear ar an damáiste don chomhshaol de bharr an chogaidh díghrádú éiceachórais, truailliú aeir agus uisce, agus éilliú tailte curaíochta agus féaraigh. Mar shampla, d'fhéadfadh sceitheadh gáis as dhá phíblíne de chuid na Rúise i Muir Bhailt tionchar nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a imirt ar an aeráid agus ar ghnéithe eile den chomhshaol ([11]). Bhí 200 000 heicteár d'fhoraoisí buailte ag dóiteáin ó thosaigh an cogadh, chuaigh 680 000 tona de bhreoslaí iontaise faoi bharr lasrach, agus tá 180 000 méadar ciúbach ithreach éillithe ag armlón. Is é an cogadh is cúis leis an díghrádú a rinneadh ar limistéir faoi chosaint agus an scriosadh a rinne ar ghléasraí cóireála uisce. Is mó fós an baol toisc an Úcráin a bheith ar an dara tír is mó a bhfuil foinsí núicléacha aici san Eoraip agus 15 imoibreoir aici. Breis agus 100 dóiteán foraoise a bhí mar thoradh ar an gcoimhlint, rud a scaoil 33 mhilliún tona CO_2. Tá bithéagsúlacht na hÚcráine á scriosadh ag buamáil na Rúise. Measann saineolaithe ón Úcráin go bhfuil damáiste ar fiú EUR 24 bhilliún é déanta ag an Rúis don chomhshaol.

2.1.7. Tá dúshláin chomhshaoil ann de dheasca an chogaidh san Úcráin, dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus a bheidh ann go fadtéarmach. Tá drochthionchar aige freisin ar shláinte fhisiciúil, ar mheabhairshláinte, ar shláine agus ar fholláine mhuintir na hÚcráine agus ar na glúnta atá le teacht. Is measa i bhfad na tionchair sin do ghrúpaí leochaileacha agus ní mór aird ar leith a thabhairt ar éifeacht shíceolaíoch an chogaidh agus ar shaincheisteanna meabhairshláinte. Is é an cogadh is cúis le héilliú aeir, uisce agus ithreach, chomh maith le truailliú torainn, a mbeidh tionchar acu ar fad ar íospartaigh an fhogha do na blianta fada amach romhainn. Is iomaí fadhb a théann thar theorainneacha na hÚcráine agus tá rioscaí tromchúiseacha ann don tsláinte phoiblí i gcoitinne. Cosúil le héifeachtaí cogaidh, tuigtear go mbíonn tionchar ag díghrádú an chomhshaoil, go háirithe éilliú aeir, ithreach agus uisce ar shláinte fhisiciúil agus ar mheabhairshláinte na nglúnta atá le teacht. Ní hamháin go mbeidh leanaí an lae inniu a bhfuil cónaí orthu san Úcráin nó atá tar éis teitheadh ón Úcráin thíos leis sin ach beidh tionchar aige ar ghlúnta eile amach anseo freisin.

2.1.8. Is suntasach an ní é, mar sin, na hiarrachtaí arna ndéanamh ag gluaiseachtaí agus eagraíochtaí óige na hÚcráine guth a áirithiú don ghlúin óg. Tá sé tábhachtach go gcuirfí a nguthanna agus a dtuairimí san áireamh sna hiarrachtaí atógála.

([4]) Is lú gach Ballstát den Aontas ná an Úcráin. I measc na dtíortha is iarrthóirí atá ann faoi láthair, is í an Tuirc an t-aon tír amháin atá níos mó ná í.

([5]) An Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht: an Straitéis Náisiúnta Bhithéagsúlachta agus an Plean Gníomhaíochta.

([6]) "Gníomhartha neamhdhleathacha nó gníomhartha ainrianta arna ndéanamh agus fios ag lucht a ndéanta gur dóichí go mór go ndéanfar damáiste tromchúiseach don chomhshaol de dheasca na ngníomhartha sin cibé acu damáiste forleathan nó fadtéarmach é sin", *Stop Ecocide Foundation*.

([7]) Cód Coiriúil na hÚcráine

([8]) Cinneadh an 29 Márta 2023.

([9]) Tuairim ó CESE *Cosaint an chomhshaoil a fheabhsú tríd an dlí coiriúil*, (IO C 290, 29.7.2022, lch. 143).

([10]) Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — "an Úcráin: Bliain amháin ó thosaigh ionradh na Rúise – dearcadh shochaí shibhialta na hEorpa" (IO C 146, 27.4.2023, lch 1)

([11]) Nord Stream: Russian gas pipe leaks could have an "unprecedented" environmental impact | Euronews

2.1.9. An damáiste dár n-éiceachóras comhroinnte, amhail díghrádú ithreach, is bagairt dhíreach ar tháirgeadh talmhaíochta na todhchaí é agus tá leochaileacht na slándála bia ar fud an domhain á nochtadh aige sin. Go háirithe, ní leor an toradh atá ar struchtúr reatha an mhargaidh tráchtearraí "maidir leis an ngeilleagar inbhuanaithe atá de dhíth orainn" ná maidir leis na cuspóirí atá nasctha leis an bhforbairt inbhuanaithe, leis an uaillmhian aeráide ná leis an aistriú cóir a chumhdaítear i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus sa Chomhaontú Glas don Eoraip. Is a mhalairt atá fíor agus is dochar atá an struchtúr sin ag déanamh dóibh ([12]).

2.1.10. Bhí ról lárnach ag an tsochaí shibhialta i gcosaint an chomhshaoil san Úcráin roimh an gcogadh. Ba mhór an tionchar a bhí ag an gcogadh ar chumas na sochaí sibhialta a cuid gníomhaíochtaí a dhéanamh. Bhí ar chuid mhaith cosantóirí comhshaoil teitheadh, é sin nó cur leis na hiarrachtaí cogaidh. Iad siúd atá fós in ann a gcuid oibre a dhéanamh, tá siadsan tar éis a n-aird a dhíriú ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar an gcomhshaol a dhoiciméadú ([13]). Beidh a rannpháirtíocht siúd ríthábhachtach chun timpeallacht na hÚcráine a atógáil agus chun a áirithiú go nglacfaidh an Úcráin dlí comhshaoil an Aontais ionas gur féidir léi aontachas leis an Aontas Eorpach a bhaint amach.

2.1.11. Tá cosaint an chomhshaoil agus an tionchar atá ag an gcomhshaol ar an saol laethúil agus ar an tsláinte fós ina saincheisteanna tábhachtacha do mhuintir na hÚcráine. Thairis sin, de réir suirbhé poiblí, creideann 95,2 % de na freagróirí go mbeidh sé tábhachtach an dúlra a athchóiriú chun an Úcráin a atógáil tar éis an chogaidh ([14]).

2.1.12. Má tá an tacaíocht idirnáisiúnta iomchuí ann, d'fhéadfaí an scrios a rinne an Rúis ar bhonneagar thionscal trom na hÚcráine a chur chun tairbhe don Úcráin trí leas a bhaint as acmhainneacht na gréine agus na gaoithe agus foinsí malartacha leictreachais a thógáil ar bhealach níos fearr agus níos glaise, rud a rachadh chun tairbhe dá saoránaigh agus dóibh siúd lasmuigh dá teorainneacha. Chuirfeadh an méid sin go mór le seasamh na hÚcráine ina caibidlíocht aontachais leis an Aontas.

2.1.13. Tá cúrsaí faoi láthair éagobhsaí fós. Tá éiginnteachtaí tromchúiseacha ann maidir leis an todhchaí. Anuas ar an tubaiste uafásach dhaonna agus dhaonnúil, tiocfaidh ceisteanna chun cinn maidir leis an gcostas deiridh a bhainfidh leis an Úcráin a atógáil agus a mhéid is féidir an Rúis a chur faoi dhliteanas as an gcostas sin a iompar. Tá ról tábhachtach ag an Aontas Eorpach. Sa rún ó CESE *An cogadh san Úcráin agus an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a bheidh aige* ([15]), thug CESE chun suntais, anuas ar na tionchair dhaonna, gur cúis mhór imní d'Úcránaigh, don Aontas agus dóibh siúd níos faide i gcéin iad tionchair chomhshaoil an chogaidh mar thoradh ar bhuamáil, sceitheadh ola agus gáis, agus teagmhais i monarchana ceimiceacha agus i ngléasraí núicléacha. Is cinnte go mbeidh iarmhairtí fadtéarmacha ag na tionchair sin ar an gcomhshaol do shláinte an duine agus do na héiceachórais. De réir shaineolaithe na Náisiún Aontaithe, is fíorbhaol don phobal é tionchar an chogaidh ar an gcomhshaol; d'fhéadfadh sé go mbeidh na blianta istigh sula n-éireoidh leo an réigiún a dhíthruailliú, rud a mhéadóidh an baol ailsí, galair riospráide agus moilleanna forbartha i leanaí ([16]). Is ábhar imní eile í an tsláinte atáirgthe. Chuir CESE i bhfios go láidir nach mór don Aontas cuidiú le comhshaol na hÚcráine a chosaint agus an damáiste a rinneadh don chomhshaol de dheasca an chogaidh a dheisiú. Tá CESE den tuairim go ndéanfar gach iarracht atógála i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta EIS agus le prionsabal na coinníollachta sóisialta. Tá sé molta ag CESE go dtabharfadh an tAontas freagairt trí chláir amhail RescEU agus clár LIFE, i gcomhar le sásraí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus i gcomhar leis an earnáil phríobháideach agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna).

2.1.14. Cé go bhfuil an cogadh ar siúl fós, tá comhar trasteorann idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta, rialtais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta tábhachtach chun damáiste don chomhshaol de chineál trasteorann a mhapáil agus chun faireachán a dhéanamh air, chun measúnú a dhéanamh ar an méid damáiste a rinneadh agus na riachtanais airgeadais a bheidh ag teastáil, chun infheistíochtaí a spreagadh agus acmhainní a ath-leithdháileadh chun an Úcráin a athbhunú ar bhealach inbhuanaithe agus sóisialta. I gcás mapála, thacaigh EEA le hiarrachtaí chun an acmhainneacht bailithe faisnéise a fheabhsú d'fhonn staid an chomhshaoil roimh an gcogadh a léiriú, rud a d'fhéadfaí a úsáid mar bhonnlíne sna próisis faireacháin ([17]).

2.1.15. Ní mór don Choimisiún agus don Chomhairle tacú le hiarrachtaí na sochaí sibhialta chun an damáiste don chomhshaol, lena n-áirítear coireanna comhshaoil, arna dhéanamh ag an Rúis a dhoiciméadú. Ní mór don Aontas a áirithiú freisin, mar thoradh ar a bhearta tacaíochta i dtaca le hatógáil na hÚcráine, go gcuirfear deireadh nó go laghdófar tionchar tubaisteach éiceolaíoch agus comhshaoil an chogaidh ar mhaithe le cearta an duine.

([12]) Tuairim ó CESE *Géarchéim maidir le praghsanna bia: ról na hamhantraíochta agus tograí nithiúla le haghaidh gníomhaíocht i ndiaidh chogadh na hÚcráine*, (IO C 100, 16.3.2023, lch. 51).

([13]) Féach, mar shampla, obair EcoAction: *Crimes against the environment after one month of Russia's war against Ukraine* – Ecoaction.

([14]) How does the war change Ukrainians: public opinion poll about the war, the environment, post-war reconstruction and EU accession, Resource and Analysis Centre "Society and Environment", 2023.

([15]) IO C 290, 29.7.2022, lch. 1.

([16]) ECFE, Iúil 2022, *Environmental impacts of the war in Ukraine and prospects for a green reconstruction* (oecd.org).

([17]) *ENI Shared Environmental Information System (SEIS)*

2.1.16. Ní mór d'iarrachtaí an Aontais a áirithiú, freisin, nach mbeidh geilleagar na hÚcráine ná geilleagar an Aontais ag brath a thuilleadh ar bhreoslaí iontaise agus nach mbeidh na hiarrachtaí atógála bunaithe ar bhonneagar na mbreoslaí iontaise. Ní mór a áirithiú freisin, le hiarrachtaí an Aontais, go mbeidh an Úcráin in ann a chion féin a dhéanamh sa chóras domhanda bia, agus i ndáil le haontachas na hÚcráine leis an Aontas Eorpach, go gcuirfear ar chumas an Aontais a ghealltanais faoi Chomhaontú Pháras agus faoi Chomhaontú Kunming-Montreal a chomhlíonadh. Ba cheart don Aontas a áirithiú freisin go mbeidh tionchar dearfach ag a chláir smachtbhannaí ar an gcomhshaol. D'iarr ENRanna, cuir i gcás, go n-úsáidfí smachtbhannaí a chuirfeadh isteach ní hamháin ar chumas na Rúise a cogadh neamhdhleathach a shaothrú ach, chomh mhaith leis sin, ar a cumas tairbhe a bhaint as iascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe ([18]).

2.2. **Oibleagáid dhlíthiúil an Aontais an ceart chun comhshaoil fholláin a chosaint**

2.2.1. An 28 Iúil 2022, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rún cinniúnach lena n-aithnítear an ceart chun comhshaoil ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe mar cheart an duine ([19]), agus lena n-iarrtar ar náisiúin, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta, ar ghnólachtaí agus ar gach geallsealbhóir eile dlús a chur leis na hiarrachtaí chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe a áirithiú do chách. Vótáil 27 mBallstát an Aontais i bhfabhar an rúin, mar a rinne tromlach mór na náisiún. Ag teacht leis an Tuarascáil Faisnéise ó CESE in 2021 *Cosaint an Chomhshaoil mar réamhriachtanas chun na cearta bunúsacha a urramú* ([20]), aithnítear i rún na Náisiún Aontaithe "go bhfuil díghrádú comhshaoil, an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, gaineamhlú agus forbairt neamh-inbhuanaithe ar na bagairtí is práinní agus is tromchúisí ar chumas na nglúnta seo agus na nglúnta atá le teacht leas éifeachtach a bhaint as cearta uile an duine". I measc nithe eile, iarrtar sa rún ar eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an tAontas Eorpach "comhar idirnáisiúnta a fheabhsú, fothú acmhainneachta a neartú agus leanúint de dhea-chleachtais a chomhroinnt chun dlús a chur leis na hiarrachtaí chun comhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe a áirithiú do chách".

2.2.2. Leis an gceart chun comhshaoil fholláin, aithnítear an nasc bunúsach idir an comhshaol agus sláinte an duine. Ní féidir sláinte an duine a scaradh ó cháilíocht an chomhshaoil. Tá dlúthnasc idir cáilíocht na n-éiceachóras, sláinte na n-ainmhithe agus sláinte na ndaoine agus ní mór don Aontas an ceart chun comhshaoil fholláin a chosaint. Is é díghrádú an chomhshaoil an phríomhchúis leis an drochshláinte. Mar shampla, in 2019, mínábhar cáithníneach ba chúis le 307 000 bás anabaí, dé-ocsaíd nítrigine ba chúis le 40 400 bás, agus géarnochtadh ózóin ba chúis le 16 800 ([21]). Ar ndóigh, tá níos mó i gceist leis an bhfadhb ná cáilíocht an aeir amháin. 12 000 bás in aghaidh na bliana a bhíonn mar thoradh ar thruailliú torainn, cuir i gcás ([22]). Tá idirnascacht an chomhshaoil agus shláinte an duine ríshoiléir, freisin, i réimse na slándála bia.

2.2.3. Tá dlíchóras an Aontais ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le haitheantas a thabhairt, ar leibhéal fornáisiúnta, don cheart chun comhshaoil fholláin. Beidh feidhm ag forálacha an Chonartha (Airteagal 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus Airteagal 11 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) i dteannta fhorálacha eile na gConarthaí, go háirithe Airteagal 3(3) agus Airteagal 21(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ([23]), Airteagal 191 CFAE ([24]), agus forálacha éagsúla eile den Chairt, forálacha ina dtugtar aitheantas don cheart chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe nuair a léitear le chéile iad. De bhua Airteagal 51(1) den Chairt, tá institiúidí an Aontais faoi réir na hoibleagáide sin i gcónaí agus tá na Ballstáit faoina réir agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu ([25]). D'iarr Parlaimint na hEorpa go n-aithneofaí an ceart chun comhshaoil fholláin sa Chairt agus go mbeadh an tAontas Eorpach i gceannas ar an tionscnamh chun aitheantas a thabhairt do cheart comhchosúil go hidirnáisiúnta ([26]).

2.2.4. De bhua Airteagal 52(3) den Chairt um Chearta Bunúsacha, tá sé de cheangal ar an Aontas freisin forálacha an Choinbhinsiúin a urramú nuair a fhreagraíonn forálacha na Cairte d'fhorálacha an Choinbhinsiúin. Go háirithe tríd an gceart chun an saol príobháideach, an saol teaghlaigh agus an saol baile a urramú (Airteagal 7 den Chairt, Airteagal 8 den Choinbhinsiún), d'fhéadfaí a áitiú go bhfuil an ceart chun comhshaoil fholláin shábháilte aitheanta cheana féin ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine ([27]). Ní oibleagáidí diúltacha amháin atá i gceist leis sin (an oibleagáid gan dochar a

([18]) *Agence Europe, Europe Daily Bulletin* No.13014, "*Thirteen NGOs call for inclusion of Russian fishing vessels in upcoming EU sanctions against Putin's regime*", 6 Meán Fómhair 2022.
([19]) Rún (A/76/L.75) – Leabharlann Dhigiteach na Náisiún Aontaithe.
([20]) Tuarascáil faisnéise ó CESE Cosaint an chomhshaoil mar réamhriachtanas chun na cearta bunúsacha a urramú.
([21]) An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, "*Air Quality in Europe 2021: Health impacts of air pollution in Europe*", 15 Samhain 2021.
([22]) An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, "*Health risks caused by environmental noise in Europe*", 14 Nollaig 2020.
([23]) Leagtar amach san Airteagal seo aidhmeanna bheartas comhshaoil an Aontais.
([24]) Go háirithe Airteagal 2 (an ceart chun na beatha), Airteagal 3 (an ceart chun sláine an duine), Airteagal 35 (ardleibhéal sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais), agus Airteagal 38 (cosaint tomhaltóirí).
([25]) "Tá forálacha na Cairte seo dírithe ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais le hurraim chuí do phrionsabal na coimhdeachta, agus ar na Ballstáit an tráth a gcuireann siad dlí an Aontais chun feidhme, agus an tráth sin amháin".
([26]) P9_TA(2021)0277, *EU Biodiversity Strategy for 2030: Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], mír 143.
([27]) Irmina Kotiuk, Adam Weiss agus Ugo Taddei, in *The Journal of Human Rights and the Environment*, Imleabhar 13, eagrán speisialta, Meán Fómhair 2022.

dhéanamh don cheart chun comhshaoil fholláin), ach oibleagáidí dearfacha freisin maidir le bearta a ghlacadh, amhail iad siúd a bhaineann le cáilíocht an aeir, chun a áirithiú go n-urramófar an ceart sin ([28]). Beifear in ann na hoibleagáidí sin a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr fós a luaithe a aontóidh an tAontas don Choinbhinsiún, mar a cheanglaítear air le hAirteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ag teacht le Parlaimint na hEorpa, d'iarr Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa go mbeadh prótacal a ghabhfadh leis an gCoinbhinsiún lena n-aithneofaí go sainráite an ceart chun comhshaoil shábháilte, ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe ([29]). Chruthófaí leis sin ceart in-fhorfheidhmithe ar fud 27 mBallstát an Aontais agus na 19 dtríú tír atá ina mball de Chomhairle na hEorpa freisin.

2.2.5. Aithnítear go forleathan freisin gur mór an tionchar atá ag an Aontas ar rialacháin chomhshaoil ar fud an domhain. Is sárshamplaí iad réimsí éagsúla de dhlí an Aontais a mbíonn tionchar acu ar an gceart chun comhshaoil fholláin – go háirithe na rialacha maidir le substaintí tocsaineacha faoi Rialachán REACH ([30]) – de "éifeacht na Bruiséile" ([31]) faoina ndéantar caighdeáin dhomhanda de rialacha an Aontais Eorpaigh.

2.2.6. Tá an ceart chun comhshaoil fholláin ríthábhachtach do dhea-bhail sóisialta agus eacnamaíoch na ndaoine san Eoraip agus ar fud an domhain. Meastar go bhfuil thart ar 40 % de na poist ar fud an domhain ag brath ar aeráid agus éiceachóras sláintiúil ([32]). I bhfianaise an chreata dhlíthiúil idirnáisiúnta agus na fírinne loma sin, ní haon ionadh é gur glacadh roinnt mhaith píosaí reachtaíochta de chuid an Aontais chun éifeacht a thabhairt d'oibleagáid an Aontais urraim a áirithiú don cheart chun comhshaoil fholláin. Is sampla soiléir iad rialacha an Aontais maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh (Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33])). Chinn an tAbhcóide Ginearálta Kokott go sonraítear "ar bhealach nithiúil sna rialacha maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh oibleagáidí an Aontais cosaint a chur ar fáil mar thoradh ar an gceart bunúsach chun na beatha faoi Airteagal 2(1) den Chairt agus ar an ardleibhéal cosanta comhshaoil a cheanglaítear faoi Airteagal 3(3) CAE, Airteagal 37 den Chairt, agus Airteagal 191(2) CFAE ([34])".Ar mhaithe leis an gcosaint is mó is féidir a thabhairt do shláinte an duine, molann CESE caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a chur i gcomhréir go hiomlán le Treoirlínte nuashonraithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Cáilíocht an Aeir Dhomhanda faoi 2030.

2.2.7. Tugtar níos mó aitheantais de réir a chéile don cheart chun comhshaoil fholláin i gCláir Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais a cheanglaítear faoi Airteagal 192(3) CFAE. Aithnítear go sainráite san 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol "gur coinníoll cumasúcháin é an ceart chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe a aithint, mar a leagtar amach i Rún 48/13 ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, chun cuspóirí tosaíochta 8ú CGC a bhaint amach ([35])".

2.2.8. Is minic a bhíonn easpa éifeachtachta ann, áfach, ón taobh praiticiúil de ([36]), agus molann CESE do na Ballstáit uile agus d'institiúidí Eorpacha cur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun éifeachtacht na n-uirlisí dlíthiúla atá ann cheana a fheabhsú. Léiríonn an iliomad samplaí den dlíthíocht a bhaineann le teipeanna na mBallstát nó an Aontais féin i réimsí amhail aer glan, aeráid, iascaireacht, nó uisce a laghad a áirithíonn na húdaráis phoiblí urraim don cheart sin.

2.2.9. I gcomhthéacs an chogaidh atá curtha ag an Rúis ar an Úcráin agus aontachas ionchasach na hÚcráine leis an Aontas Eorpach, tá sé níos tábhachtaí ná riamh don Aontas agus gona Bhallstáit an ceart chun comhshaoil fholláin a áirithiú. Is éard atá i gceist leis sin go dtabharfar an tosaíocht chéanna do chosaint an chomhshaoil agus a thugtar do réimsí eile dlí, amhail iomaíocht nó cosaint sonraí, i gcás inar samhail dhomhanda é an tAontas Eorpach sa teoiric agus sa chleachtas araon.

([28]) Maidir le hoibleagáidí dearfacha faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún (agus dá bhrí sin Airteagal 7 den Chairt), féach mar shampla, *Fadeyeva v an Rúis*, uimhir iarratais 55723/00, breithiúnas an 9 Meitheamh 2005.

([29]) Rún 2396 (2021), *Anchoring the right to a healthy environment: need for enhanced action by the Council of Europe*.

([30]) IO 396, 20.12.2006, lch. 1

([31]) Anu Bradford, *The Brussels Effect: How the European Union Rules the World*, Oxford University Press, 2020.

([32]) EIS: *World employment and Social Outlook 2018 – Greening with jobs, 2018*.

([33]) IO L 152, 11.6.2008, lch. 1

([34]) Cás C-723/17, *Craeynest v Brussels Hoofdstedelijk Gewest*, mír 53.

([35]) Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22)

([36]) Tuairim ó CESE *Cur Chun Feidhme Reachtaíocht Chomhshaoil AE i Réimsí na Cáilíochta Aeir, an Uisce agus na Dramhaíola*,(IO C 110, 22.3.2019, lch. 33) (níl leagan Gaeilge ann).

2.2.10. Agus an méid sin á dhéanamh aige, tá an deis ag an Aontas aitheantas a thabhairt don tionchar idirghlúine a bhaineann leis an gceart chun comhshaoil fholláin.

2.2.11. Ní haon ionadh é, mar sin, go bhfuil gluaiseachtaí óige ag labhairt amach agus cosaint an chomhshaoil á hiarraidh acu. Ó tharla tionchair dhiúltacha a bheith ag díghrádú an chomhshaoil ar shláinte atáirgthe, ní fios ach nach saolófar na glúnta atá le teacht, fiú. Ba cheart don Aontas cloí le sampla na mBallstát a bhfuil institiúidí curtha ar bun acu atá ceaptha leasanna na nglúnta atá le teacht a chosaint. Chuideodh institiúid den sórt sin ar leibhéal an Aontais lena áirithiú go mbainfeadh na glúnta atá le teacht leas as na tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha a bheidh mar thoradh ar chosaint an chomhshaoil sa lá atá inniu ann.

An Bhruiséil, 27 Aibreán 2023

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE